Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**5938/23**
**ADD 1**

**FIN 119**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Eanáir 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 800 final / IARSCRÍBHINNÍ 1 go 3 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an gCINNEADH ÓN gCOIMISIÚN maidir le tabhairt anonn neamh-uathoibríoch leithreasuithe ó 2022 go 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 800 final / IARSCRÍBHINNÍ 1 go 3.

---

Faoi iamh: C(2023) 800 final / IARSCRÍBHINNÍ 1 go 3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.1.2023
C(2023) 800 final

ANNEXES 1 to 3

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**gCINNEADH ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir le tabhairt anonn neamh-uathoibríoch leithreasuithe ó 2022 go 2023**

## IARSCRÍBHINN I

## TABHAIRT ANONN LEITHREASUITHE NEAMHDHIFREÁILTE

### A. Forléargas

| Uimh. | 2022 Buiséad | Ceannteideal | 2023 Buiséad | Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 | Méid atá le Tabhairt anonn (in EUR) |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 08 02 05 12 | Aisíoc íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí ó leithreasuithe a tugadh anonn i ndáil le smacht airgeadais | 08 02 05 12 | Airteagal 12(2)(d) | 485 247 362,13 |
| | | **Ceannteideal 3.a - Iomlán** | | | **485 247 362,13** |
| | | **Comhiomlán** | | | **485 247 362,13** |

### B. An méid in euro atá le tabhairt anonn le haghaidh gach líne agus na cúiseanna atá leis sin

**1 08 02 05 12 - Aisíoc íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí ó leithreasuithe a tugadh anonn i ndáil le smacht airgeadais**

| | |
|---|---|
| Leithreasú údaraithe 2022 | 485 247 362,13 |
| Gealltanais arna ndéanamh an 31.12.2022 | 0,00 |
| Méid nár úsáideadh an 31.12.2022 | 485 247 362,13 |
| **Tabhairt anonn** | **485 247 362,13** |

I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(2)(d) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 agus Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, féadfar leithreasuithe nár gealladh ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) faoi bhainistíocht chomhroinnte a thabhairt anonn go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, agus an teorainn 2 % de na leithreasuithe tosaigh a vótáladh nó méid an choigeartaithe ar íocaíochtaí díreacha le haghaidh smacht airgeadais CERT á urramú.

Foráiltear le hAirteagal 17(4) de Rialachán (AE) 2021/2116 nach mbeidh feidhm ag an aisíocaíocht ach amháin maidir le tairbhithe deiridh sna Ballstáit sin ina raibh feidhm ag smacht airgeadais sa bhliain airgeadais roimh ré. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2344 ón gCoimisiún socraítear na méideanna is gá do gach Ballstát a aisíoc le feirmeoirí agus cinntear nach mbeidh caiteachas i ndáil leis an aisíocaíocht sin incháilithe do mhaoiniú ón Aontas ach amháin i gcás inar íocadh na méideanna leis na tairbhithe roimh an 16 Deireadh Fómhair 2023.

Is é EUR 485 247 362 an méid atá le tabhairt anonn ó mhír 08 02 05 12 go buiséad 2023 agus le cur ar fáil do na Ballstáit le haghaidh na haisíocaíochta.

## IARSCRÍBHINN II

## TABHAIRT ANONN LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS

### A. Forléargas

| Uimh. | 2022 Buiséad | Ceannteideal | 2023 Buiséad | Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 | Méid atá le Tabhairt anonn (in EUR) |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 05 02 01 | CFRE -- Caiteachas oibríochtúil | 05 02 01 | Airteagal 12(2)(a) | 151 112 411,00 |
| 2 | 07 02 01 | Snáithe CSE+ faoi bhainistíocht chomhroinnte -- Caiteachas oibríochtúil | 07 02 01 | Airteagal 12(2)(a) | 8 054 788,00 |
| | | **Ceannteideal 2.a - Iomlán** | | | **159 167 199,00** |
| 3 | 08 04 01 | CEMID -- Caiteachas oibríochtúil faoi bhainistíocht chomhroinnte | 08 04 01 | Airteagal 12(2)(a) | 2 953 109,00 |
| | | **Ceannteideal 3.b - Iomlán** | | | **2 953 109,00** |
| 4 | 10 02 01 | An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | 10 02 01 | Airteagal 12(2)(a) | 7 783 246,00 |
| 5 | 11 02 01 | An ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí | 11 02 01 | Airteagal 12(2)(a) | 7 877 112,00 |
| | | **Ceannteideal 4 – Iomlán** | | | **15 660 358,00** |
| 6 | 12 02 01 | An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF) | 12 02 01 | Airteagal 12(2)(a) | 3 442 115,00 |
| | | **Ceannteideal 5 – Iomlán** | | | **3 442 115,00** |
| | | **Comhiomlán** | | | **181 222 781,00** |

### B. An méid in euro atá le tabhairt anonn le haghaidh gach líne agus na cúiseanna atá leis sin

#### 1 05 02 01 CFRE -- Caiteachas oibríochtúil

| | |
|---|---|
| Leithreasú údaraithe 2022 | 37 001 143 957,00 |
| Gealltanais arna ndéanamh an 31.12.2022 | 36 128 385 283,00 |
| Méid nár úsáideadh an 31.12.2022 | 872 758 674,00 |
| **Tabhairt anonn** | **151 112 411,00** |

Ós rud é gur glacadh na bunghníomhartha go déanach, níorbh fhéidir glacadh roinnt clár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a thabhairt i gcrích roimh an 31 Nollaig 2022. Mar sin féin, bhí na céimeanna ullmhúcháin go léir chun na cláir sin a ghlacadh tugtha chun críche, lena n-áirítear an comhairliúchán idirsheirbhíse a dhúnadh

gan nótaí tráchta a bhlocáil. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 12(2)(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déantar méid EUR 151 112 411 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do leithdháileadh 2022 na gclár ábhartha a thabhairt anonn go 2023.

Baineann sé sin go beacht leis na cláir seo a leanas: 2021TC16FFOR002, 2021TC16RFCB038, 2021TC16RFCB014, 2021TC16RFCB028, 2021TC16RFCB013, 2021TC16RFCB027, 2021BE16RFPR001, 2021FR16RFPR001 agus 2021IT16FFTA001.

**2 07 02 01 snáithe CSE+ faoi bhainistíocht chomhroinnte -- Caiteachas oibríochta**

| | |
|---|---|
| Leithreasú údaraithe 2022 | 15 850 515 986,00 |
| Gealltanais arna ndéanamh an 31.12.2022 | 15 794 197 866,56 |
| Méid nár úsáideadh an 31.12.2022 | 56 318 119,44 |
| **Tabhairt anonn** | **8 054 788,00** |

Mar gheall ar ghlacadh déanach na mbunghníomhartha, níorbh fhéidir glacadh chlár Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) na hIodáile (2021IT16FFTA001) a thabhairt i gcrích roimh an 31 Nollaig 2022. Mar sin féin, bhí na céimeanna ullmhúcháin go léir chun an clár sin a ghlacadh tugtha chun críche in 2022, lena n-áirítear dúnadh an chomhairliúchán idirsheirbhíse. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 12(2)(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déantar méid EUR 8 054 788 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do leithdháileadh 2022 an chláir a thabhairt anonn go 2023.

**3 08 04 01 CEMID -- Caiteachas oibríochtúil faoi bhainistíocht chomhroinnte**

| | |
|---|---|
| Leithreasú údaraithe 2022 | 1 027 934 489,00 |
| Gealltanais arna ndéanamh an 31.12.2022 | 1 024 981 380,00 |
| Méid nár úsáideadh an 31.12.2022 | 2 953 109,00 |
| **Tabhairt anonn** | **2 953 109,00** |

Mar gheall ar ghlacadh déanach na mbunghníomhartha, níorbh fhéidir glacadh chlár Chiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe na Slóvaice (2021SK14MFPR001) a thabhairt i gcrích roimh an 31 Nollaig 2022. Mar sin féin, bhí na céimeanna ullmhúcháin go léir chun an clár sin a ghlacadh tugtha chun críche in 2022, lena n-áirítear dúnadh an chomhairliúchán idirsheirbhíse. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 12(2)(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déantar méid EUR 2 953 109 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do leithdháileadh 2022 an chláir a thabhairt anonn go 2023.

**4 10 02 01 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht**

| | |
|---|---|
| Leithreasú údaraithe 2022 | 1 396 689 703,44 |
| Gealltanais arna ndéanamh an 31.12.2022 | 1 388 906 457,44 |
| Méid nár úsáideadh an 31.12.2022 | 7 783 246,00 |
| **Tabhairt anonn** | **7 783 246,00** |

Níorbh fhéidir glacadh chlár na Cipire de chuid an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2022 mar gheall ar thabhairt chun críche déanach agus athchur isteach an chláir ag údaráis na Cipire chun barúlacha an Choimisiúin a chur san áireamh. Tugadh na céimeanna ullmhúcháin go léir chun an clár sin a ghlacadh chun críche in 2022, lena n-áirítear dúnadh an chomhairliúchán idirsheirbhíse. Mar sin féin, níorbh fhéidir glacadh an chláir a thabhairt chun críche roimh an 31 Nollaig 2022. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 12(2)(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déantar méid EUR 7 783 246 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do leithdháileadh 2022 an chláir a thabhairt anonn go 2023

**5 11 02 01 An ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí**

| | |
|---|---|
| Leithreasú údaraithe 2022 | 755 072 428,00 |
| Gealltanais arna ndéanamh an 31.12.2022 | 747 195 316,00 |
| Méid nár úsáideadh an 31.12.2022 | 7 877 112,00 |
| **Tabhairt anonn** | **7 877 112,00** |

Níorbh fhéidir glacadh chlár na Cipire de chuid na hIonstraime um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2022 mar gheall ar thabhairt chun críche déanach agus athchur isteach an chláir ag údaráis na Cipire chun barúlacha an Choimisiúin a chur san áireamh. Tugadh na céimeanna ullmhúcháin go léir chun an clár sin a ghlacadh chun críche in 2022, lena n-áirítear dúnadh an chomhairliúchán idirsheirbhíse. Mar sin féin, níorbh fhéidir glacadh an chláir a thabhairt chun críche roimh an 31 Nollaig 2022. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 12(2)(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déantar méid EUR 7 877 112 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do leithdháileadh 2022 an chláir a thabhairt anonn go 2023.

**6 12 02 01 An Ciste Slándála Inmheánaí (CSI)**

| | |
|---|---|
| Leithreasú údaraithe 2022 | 252 623 754,00 |
| Gealltanais arna ndéanamh an 31.12.2022 | 249 181 639,00 |
| Méid nár úsáideadh an 31.12.2022 | 3 442 115,00 |
| **Tabhairt anonn** | **3 442 115,00** |

Níorbh fhéidir glacadh chlár Chiste Slándála Inmheánaí na Cipire a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2022 mar gheall ar thabhairt chun críche déanach agus athchur isteach an chláir ag údaráis na Cipire chun barúlacha an Choimisiúin a chur san áireamh. Tugadh na céimeanna ullmhúcháin go léir chun an clár sin a ghlacadh chun críche in 2022, lena n-áirítear dúnadh an chomhairliúchán idirsheirbhíse. Mar sin féin, níorbh fhéidir glacadh an chláir a thabhairt chun críche roimh an 31 Nollaig 2022. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 12(2)(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, déantar méid EUR 3 442 115 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do leithdháileadh 2022 an chláir a thabhairt anonn go 2023.

## IARSCRÍBHINN III

## TABHAIRT ANONN LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ

### A. Forléargas

| U[imh.] | 2022 Buiséad | Ceannteideal | 2023 Buiséad | Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 | Méid atá le Tabhairt anonn (in EUR) |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 16 02 01 01 | Cúnamh do na Ballstáit i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) | 16 02 01 01 | Airteagal 12(2)(c) | 700 348 683,00 |
| | | **Ceannteideal S – Iomlán** | | | **700 348 683,00** |
| | | **Comhiomlán** | | | **700 348 683,00** |

### B. An méid in euro atá le tabhairt anonn le haghaidh gach líne agus na cúiseanna atá leis sin

**1 16 02 01 01 – Cúnamh do na Ballstáit i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE)**

| | |
|---|---|
| Leithreasú údaraithe 2022 | 718 482 761,00 |
| Íocaíochtaí arna ndéanamh an 31.12.2022 | 18 134 078,00 |
| Méid nár úsáideadh an 31.12.2022 | 700 348 683,00 |
| **Tabhairt anonn** | **700 348 683,00** |

De réir Chinneadh (AE) 2023/68 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022, slógadh méid EUR 700 348 683 faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chun cúnamh a thabhairt don Ghearmáin agus don Bheilg i ndáil leis na tubaistí nádúrtha a tharla le linn shamhradh 2021. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an méid sin a eisíoc toisc nár sholáthair an dá Bhallstát is tairbhí an fhaisnéis is gá chun an ranníocaíocht airgeadais ón gCiste a chur chun feidhme roimh dheireadh 2022. Tugtar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas nár úsáideadh, is é sin EUR 700 348 683, anonn go huathoibríoch go 2023, i gcomhréir le hAirteagal 12(4)(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Dá bhrí sin, tá an méid comhfhreagrach i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ag teastáil in 2023 chun an tacaíocht airgeadais don Ghearmáin agus don Bheilg a chumhdach. Ós rud é nach bhfuil aon leithreasú faoi chomhair íocaíochtaí ar fáil ar an líne bhuiséid ábhartha le haghaidh 2023, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 12(2)(c) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, tá méid EUR 700 348 683 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí á thabhairt anonn go 2023.